Re-turn

# Scéim Aisíoca Éarlaise na hÉireann

# Eolas riachtanach



www.re-turn.ie

# Scéim Aisíoca Éarlaise na hÉireann a Thabhairt Isteach

**Ón 1 Feabhra 2024 ar aghaidh, nuair a cheannaíonn tú buidéal plaisteach nó canna alúmanam nó cruach leis an lógó Re-turn, íocfaidh tú éarlais bheag in-aisíoctha ar bharr phraghas na dí. Nuair atá tú críochnaithe le do dheoch, tabhair do choimeádán deochanna folamh agus gan damáiste ar ais chuig aon siopa nó ollmhargadh rannpháirteach ar fud na tíe chun d'éarlais a fháil ar ais ina hiomláine.**

**Chun dramhaíl a chosaint, do thréimhse teoranta ón 1 Feabhra, beidh roinnt stoc de bhuidéil phlaisteacha agus cannaí a d'fhéadfadh an lógó Re-turn gan a bheith orthu. Má ghearrfar éarlais ar chustaiméirí ar na coimeádáin deochanna seo, gheobhaidh tú d'éarlais ar ais nuair a théann tú ar ais go Pointí Aisíoca Éarlaise RVM ar fud na tíre.**

## An dóigh a n-oibríonn sé


1

Íoc as praghas an táirge + éarlais do dhí




2

Bain taitneamh as do dheoch blasta.



3

Tabhair do choimeádán deochanna ar ais chuig aon mhiondíoltóir is rannpháirtí



4

Faigh d'éarlais ar ais in airgead tirim nó déan í a fhuascailt mar lascaine ar do chuid siopadóireachta





# Conas coimeádáin a thabhairt ar ais

Is féidir na coimeádáin deochanna a thabhairt ar ais chuig aon mhiondíoltóir is rannpháirtí, beag beann ar an áit a ceannaíodh iad. Más trí mheaisín díola aisiompaithe, tabharfar dearbhán do thomhaltóirí a féidir a fhuascailt ag an scipéad le ceannachán ar an láthair nó mar aisíoc airgid. Más thar an gcuntar, ní mór a chinntiú go bhfuil an lógó Re-turn ag an gcoimeádán deochanna a sheiceáil agus go bhfuil sé gan damáiste agus ansin an t-aisíoc a thabhairt. Más rud é go bhfuil aon dabht ag an tomhaltóir faoi má tá a gcoimeádán deochanna incháilithe d'aisíoc éarlaise is féidir leo cuairt a thabhairt ar **re-turn.ie/consumer/#barcodeChecker** le deimhniú.



Tabhair cuairt ar **re-turn.ie/#whereToReturn** nó scan an cód QR chun ár léarscáil den na Pointí Aisíoca Éarlaise a fheiceáil ina léirítear na siopaí agus ollmhargaí rannpháirteacha ar fud na tíre.


# Cad is féidir a thabhairt ar ais

Má tá lógó Re-turn ar an mbuidéal plaisteach nó ar an gcanna, ciallaíonn sé sin go mbaineann éarlais leis – chun í a fhuascailt, tabhair an coimeádán deochanna ar ais chuig aon mhiondíoltóir is rannpháirtí.

Ní féidir na coimeádáin deochanna a thabhairt ar ais ach amháin má tá siad **FOLAMH** agus **GAN DAMÁISTE**.

Chun dramhaíl a chosaint, do thréimhse teoranta ón 1 Feabhra, beidh roinnt stoc de bhuidéil phlaisteacha agus cannaí a d'fhéadfadh an lógó Re-turn gan a bheith orthu. Má ghearrfar éarlais ar chustaiméirí ar na coimeádáin deochanna seo, gheobhaidh tú d'éarlais ar ais nuair a théann tú ar ais go Pointí Aisíoca Éarlaise RVM ar fud na tíre.





Gloine    Táirgí Déiríochta

# Cad nach féidir a thabhairt ar ais

Níl gach coimeádán deochanna incháilithe don Aisíoc Éarlaise. Ní áirítear buidéil ghloine ná deochanna le haon ábhar déiríochta iontu sa Scéim.

# Luachanna Éarlaise



150ml - 500ml = 15c



Over 500ml - 3L = 25c

# Ceisteanna coitianta

**Cén fáth a bhfuil Scéim Aisíoca Éarlaise á tabhairt isteach go hÉirinn?**

I láthair na huaire, déanaimid thart ar 60% dár gcuid coimeádán deochanna a athchúrsáil agus is modh cruthaithe é an tAisíoc Éarlaise maidir le rátaí athchúrsála a ardú, le rath mór i roinnt tíortha eile san Eoraip. Faoin Treoir AE maidir le Plaistigh Aon Úsáide, ní mór d'Éirinn bailiú ar leithligh de 77% de bhuidéil deochanna phlaisteacha a chinntiú faoi 2025, ag ardú go 90% faoi 2029.

**An féidir liom coimeádáin deochanna a ceannaíodh roimh an 1 Feabhra a thabhairt ar ais?**

Ní féidir - níor cheart do thomhaltóirí coimeádáin deochanna a ceannaíodh roimh an 1 Feabhra a stóráil mar nach bhfuil na buidéil phlaisteacha agus cannaí sin mar chuid den Scéim. Ná déan dearmad breathnú amach don lógó Re-turn agus, mura n-íocann tú aon éarlais, ní bheidh tú incháilithe le haisíoc éarlaise a fháil mar nár íocadh aon éarlais.

**An bhfuil rogha agam maidir le conas a n-aisíocfar m'éarlais?**

Tá, tá an rogha agat d'éarlais a fháil ar ais in airgead tirim nó mar lascaine ar cheannachán ón siopa.

**Cén fáth nach n-áirítear gloine?**

I láthair na huaire, ní gá gloine a áireamh sa Scéim mar go bhfuil ráta athchúrsála os cionn 80% ag Éirinn i gcás gloine agus táimid ag sárú spriocanna athchúrsála don ábhar sin.

**Bím ag athchúrsáil cheana féin trí m'araid Athchúrsála, cén fáth a bhfuil an Scéim seo á tabhairt isteach?**

Cé gur cheart do gach tomhaltóir a gcuid araidí athchúrsála a úsáid dá gcuid earraí measctha tirime in-athchúrsáilte, iarraimid ar thomhaltóirí a gcuid buidéil phlaisteacha agus cannaí a thabhairt ar ais chuig siopaí agus ollmhargaí rannpháirteacha chun a n-éarlais a fhuascailt. Le bailiúcháin ar leithligh de na buidéil phlaisteacha agus cannaí seo, ráthaítear go dtugtar ar ais ábhar in-athchúrsáilte ar ardchaighdeán agus go ndéantar an t-ábhar sin a athchúrsáil agus nach mbíonn traséilliú ann. Is modh cruthaithe é an tAisíoc Éarlaise maidir le rátaí athchúrsála a ardú, le rath mór i roinnt tíortha eile san Eoraip.

# Ceisteanna coitianta ar leanúint

**An bhfuil costas breise leis sin?**

Níl, mar go bhfuil an Éarlais in-aisíoctha ina hiomláine i gcás coimeádáin fholmha gan damáiste a thugtar ar ais do shiopaí agus ollmhargaí rannpháirteacha ar fud na tíre. Na t-aon daoine a bheidh thíos leis ná na daoine nach dtugann na coimeádáin deochanna ar ais do shiopaí agus ollmhargaí rannpháirteacha ar fud na tíre.

**An féidir liom an dearbhán a fhaighim ó RVM a fhuascailt in aon siopa?**

Ní féidir. Is féidir coimeádáin deochanna fholmha agus gan damáiste a thabhairt ar ais chuig aon siopa rannpháirteach ar fud na tíre, ach ní mór dearbhán a eisítear trí Mheaisín Díola Droim Ar Ais a fhuascailt sa siopa áirithe sin.

**Ní raibh lógó Re-turn ag mo choimeádán deochanna, cén fáth ar gearradh éarlais orm?**

Má ghearrfar éarlais ar chustaiméirí ar choimeádán deochanna, gheobhaidh tú d'éarlais ar ais nuair thugann tú ar ais é folamh agus gan damáiste go Pointí Aisíoca Éarlaise RVM ar fud na tíre.

Ón 1 Feabhra 2024, tá idirthréimhse 4 mhí ag miondíoltóirí ar féidir leo coimeádáin deochanna nua a bhfuil an lógó Re-turn orthu agus coimeádáin dheochanna nach bhfuil an lógó orthu araon a dhíol. Le linn an ama seo, is féidir le coimeádáin deochanna éarlais a thabhú ar dhá bhealach: Trí an lógó Re-turn agus barrachód cláraithe a bheith orthu, Trí bharrachód atá cláraithe mar chuid den scéim gan an lógó Re-turn a bheith orthu.

Le linn na hidirthréimhse seo, beidh seanchoimeádáin uisce nach bhfuil lógó orthu agus a bhfuil barrachód orthu nach bhfuil cláraithe leis an scéim, ní dhéanfaidh na coimeádáin deochanna seo gearradh éarlaise a thabhú. Ón 1 Meitheamh, beidh an lógó Re-turn agus barrachód ag gach coimeádáin deochanna sa scéim. Más rud é go bhfuil aon dabht ag an tomhaltóir faoi má tá a gcoimeádán deochanna incháilithe d'aisíoc éarlaise is féidir leo cuairt a thabhairt ar https://re-turn.ie/consumer/#barcodeChecker le deimhniú.

# Ceisteanna coitianta ar leanúint

**An scéim rialtais í seo?**
Ní hí, is cuideachta sheachbhrabúsach é Re-turn (DRSI CLG) atá faoi theorainn ráthaíochta agus bhunaigh táirgeoirí agus miondíoltóirí é d'fhonn a gcuid oibleagáidí faoi na Rialacháin um Bailiú Ar Leithligh (An Scéim Aisíoca Éarlaise), 2021, a chomhlíonadh.

**Cheannaigh mé mo chuid deochanna ar líne, an íocaim éarlais astu sin, agus conas is féidir liom iad a thabhairt ar ais?**
Beidh éarlais ag gabháil le gach coimeádán deochanna le lógó Re-turn orthu. Tá an éarlais sin in-aisíoctha ina hiomláine nuair a thugtar ar ais na coimeádáin folamh agus gan damáiste chuig siopaí agus ollmhargaí rannpháirteacha ar fud na tíre. Beidh cód QR agus URL shuíomh gréasáin Re-turn ar d'admháil ón miondíoltóir ar líne ionas gur féidir leat teacht ar léarscáil de na pointí aisíoca éarlaise uile ar fud na tíre.

**Cén fáth nach mór do na coimeádáin a bheith gan damáiste?**
Nuair a thugtar coimeádáin deochanna ar ais trí Mheaisín Díola Droim Ar Ais (RVM), ní mó do na coimeádáin a bheith i ndea-bhail mar go ndéanann an meaisín cruth an choimeádáin a scanadh chomh maith leis an mbarrachó chun bailíocht a chinntiú.

**An bhfuil ilphacáistí mar chuid den scéim?**
Beidh barrachód ar gach coimeádán le hilphacáistí a bhfuil an lógó Re-turn orthu agus beidh siad faoi réir éarlaise a dhéanfar a aisíoc ina hiomláine nuair a thugtar an coimeádán ar ais. Ní bheidh gearradh éarlaise ag seanilphacáistí gan an lógó nó barrachód.

**An bhfuil caipín an bhuidéil ag teastáil uaim chun é a thabhairt ar ais?**
Is féidir an buidéal a thabhairt ar ais leis nó gan an caipín. Ar mhaithe le hathchúrsála, is fearr an buidéal a thabhairt ar ais leis an gcaipín.

**Le haghaidh níos mó eolais, déan teagmháil linn ag info@ re-turn.ie**